

Ábhar

Roghnú Cúrsa

Mír Éisteachta

Beirní Ní Chuinn ag labhairt faoin gcinneadh a rinne sí cúrsa a dhéanamh i múineadh tís.

Leagan 2: Curtha in oiriúint do mhic léinn gan cúlra Gaeltachta.

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhonn is na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin.**



Roghnú Cúrsa

Beidh tú ag éisteacht le Beirní Ní Chuinn ag labhairt faoi conas a rinne sí cinneadh tabhairt faoi chúrsa i múineadh tís i gCnoc Síon ar an gCarraig Dhubh i mBaile Átha Cliath.

Seo thíos na céimeanna ar fad a thóg Beirní ina saol proifisiúnta go dtí seo.

Cúrsa i múineadh tís i gCnoc Síon - múinteoir tís – forbairt ar shiollabas tís i Leosóta na hAfraice – láithreoir le Raidió na Gaeltachta – post le Fianna Fáil sa Bhruiséil – cúrsa MA sa Phleanáil Teanga.

Baineann an mhír seo lena cinneadh tabhairt faoin gcúrsa tís.

Réamhobair

Plé

- Cén cineál comhairle faoi chúrsaí tríú leibhéal a bhí ar fáil i do scoilse? An raibh tú sásta leis an gcomhairle a cuireadh ort?
- Conas mar a rinne tú an cinneadh an cúrsa seo a roghnú?
- Conas mar a rinne tú an cinneadh Gaeilge a dhéanamh mar ábhar mar chuid de do chúrsa?
- Ar fhreastail tú ar na laethanta oscailte in aon choláiste? An bhfuil fiúntas ag baint lena leithéid, dar leat?

Tasc

Cad iad na cineálacha post ina bhféadfá an Ghaeilge a úsáid, dar leat? Déan liosta. Tá an áis seo úsáideach: <http://www.gradireland.com/languages/>.

Éisteacht

Anois éist le Beirní ag caint agus freagair na ceisteanna seo:

- Cad iad na rudaí go léir a chuir Beirní san áireamh agus í ag déanamh a rogha?
- Cad iad na tréithe a bhaineann le caint Bheirní a thugann a canúint le fios duit?
- An raibh aon deacrachtaí tuisceana agat leis an mír seo? Má bhí, déan iarracht a rá cad iad.

Feasacht Teanga

1. ‘is gearr go bhfuairéas scéala thíos ag baile’

Mínigh an difear idir ‘síos’ agus ‘thíos’; idir ‘sa bhaile’ agus ‘abhaile’.

Ansín cuir Gaeilge ar na habairtí seo:

- Are you going home?
- He's writing the essay at home.
- She's at home today.
- I was home sick.
- I'll be coming home later.
- Will you come home with me?
- He went home with her last night. He's not at home yet.
- The library is downstairs.
- I fell when I was going downstairs.
- Are you coming up?

2. Cuir na focail seo a bhí le cloisteáil sa mhír in abairtí a léireodh an difear eatarthu:

teideal	i dteideal
dáiríre	i ndáiríre
gairm	gairmiúil
dul le	dul chuig
tuilleamh	tuilleadh

3. '...Is cuimhin liom gur chuireas isteach ar Choláiste Phádraig...'
'...Cuimhneoidh mé go deo ar an lá sin...'

Déan iarracht Gaeilge a chur ar na habairtí seo a leanas:

- I can't think of her name right now
- I don't remember
- Let me think for a second
- I can't remember the title of that essay
- I don't remember what happened
- Do you remember her?

4. '...ní raibh aon spéis agam i ndáiríre sna hospidéal ná i gcúrsaí leighis...'

Déan iarracht Gaeilge a chur ar na habairtí seo a leanas:

- I was always interested in Irish
- I have no interest in teaching
- Were you always interested in primary school teaching?
- Music is what I was interested in at school.

Plé

- An bhfuil aon tuairim agatsa anois cad ba mhaith leat a dhéanamh le do chéim sa Ghaeilge?
- Cén ‘úsáid’ a shamhlaíonn tú le céim sa Ghaeilge?
- ‘...Cúrsa ana-dhian ab ea é, idir obair phraiticiúil agus obair acadúil...’
An bhfuil gné phraiticiúil i do chúrsa féin? Cad atá i gceist leis an ngné sin?

Féach ar na ráitis seo as liosta a chuir duine a tógadh i gceantar Gaeltachta le chéile de na rudaí aisteacha a dúirt daoine léi faoin nGaeilge agus faoin nGaeltacht i rith a saoil. Pléigh na míthuiscintí faoin nGaeilge atá sna ráitis.

- ‘Oh you speak Irish! But I didn’t know you were a teacher’.
- ‘Your job must be so easy for you because you speak Irish’.
- ‘People who look for service through Irish are just being rude – can’t they just speak English?’
- ‘Where’s Irish going to get you?’
- ‘A degree in Irish is no bother to you ‘cos you speak Irish’.

Agus anois pléigh na ráitis seo:

- ‘An Arts degree is useless’.
- ‘Why do Arts? I didn’t know you were good at drawing!’
- ‘Arts is a doss’.

Tascanna

- Déan amach ceannteidil a bheadh oiriúnach do chúrsa beatha. Scríobh pointí faoi gach ceannteideal bunaithe ar do shaol / do thaithí féin agus déan forbairt ar an rannóg a bhaineann le cúrsaí oibre.

B’fhéidir go mbeadh na briathra seo a leanas úsáideach duit:

stiúir mé
chabhraigh mé le
bhí mé freagrach as
chinntigh mé
chuir mé tús le
d’fheabhsaigh mé
rinne mé comhordú ar
d’fhreastail mé ar
mhúin mé
d’eagraigh mé
bhuaigh mé
d’fhorbair mé
táim bainteach le
táim i mo bhall de
ghlac mé páirt i

- Scríobh píosa gearr faoi conas a rinne tú an cinneadh an cúrsa seo a roghnú. Seo thíos frásaí úsáideacha as agallamh Bheirní:

ní raibh aon tuairim agam cá dtabharfainn m'aghaidh
dul le múinteoireacht nó dul le banaltracht
ní raibh aon spéis agam sna hospidéal
thug mé faoin múinteoireacht
go raibh spéis agam i gcúrsaí tís
chuir mé díom an dá agallamh
is gearr go bhfuair mé scéala
cé acu ceann a phiocfainn
bhí an-fhonn orm tabhairt faoi
moladh dom tabhairt faoi

- Féach ar an bhfoilseachán ‘Gairmeacha le Gaeilge’ ag an seoladh idirlín <http://www.gradireland.com/languages/>. Scríobh léirmheas gearr ar an bhfoilseachán.

Téipscript

Bhuel, d'fhreastalaíos-sa ar scoil an Daingin i gCorca Dhuibhne. Scoil an Daingin a thugamar riamh uirthi* cé is gur Meánscoil na Toirbhirte an teideal ceart a bhí ar an scoil sin. Agus neosfaidh mé an fhírinne anois duit, ach a raibh na cúig bliana déanta ansin agam ní raibh aon tuairim agamsa i ndáiríre cá dtabharfainn m'aghaidh ó thaobh cúrsaí gairme de. Agus is dócha, i ndeireadh na dála, go leanaíos an treoir a thug na múinteoirí ansin dom, agus toisc gur scoil lán de chailíní a bhí ionainn tugadh dhá threoir dúinn – dul le múinteoireacht nó dul le banaltracht. Agus ní raibh aon spéis agam i ndáiríre sna hospidéil ná i gcúrsaí leighis agus thugas-sa faoin múinteoireacht**. Is cuimhin liom go gcuireas isteach ar Choláiste Pádraig...ar Choláiste Phádraig...mar bhí spéis agam sa bhunscolaíocht agus chuireas isteach ar Chnoc Síon chomh maith toisc go raibh spéis agam i gcúrsaí tís. Agus mar a ráiníonn sé, ar an lá céanna a bhí an t-agallamh agam don dá choláiste i mBaile Átha Cliath. Agus cuimhneoidh mé go deo ar an lá sin mar bhíos ag imeacht ó Dhroim Conrach trasna na cathrach amach go...amach ar an gCarraig Dhubh, amach go Cnoc Síon, in aon lá amháin. Ach dheineas...chuireas díom an dá agallamh ar aon chuma agus ambaiste féin, is gearr go bhfuairéas scéala thíos ag' baile go raibh áit fachta agam sa dá choláiste agus n'fheadar ó thalamh Dé an domhain ansin cad a dhéanfainn – cé acu ceann a phiocfainn. Ach chuas chun cainte le duine nó beirt de na múinteoirí a bhí timpeall – bhí ana-fhonn orm féin tabhairt faoi Choláiste Phádraig toisc nach raibh ann ach trí bliana. B'fhada liom na ceithre bliana a bhí ag baint le Cnoc Síon. Cheapas gur fada na blianta iad agus ambaiste féin, go mbeadh bliain tugtha amuigh ag tuilleamh agam, san am is go gcríochnóinn i gCnoc Síon dá mbeinn i gColáiste Phádraig. Ach pé scéal é, moladh dom tabhairt faoi Chnoc Síon mar ní thógaidís sin isteach puinn scoláirí na haon bhliain agus bhí sé deacair a dhóthain áit a fháil sa Choláiste agus ní raibh aon áit fachta ag aon chailín sa Daingean le ceathair nó cúig de bhlianaibh roimis sin. Agus dúrt liom féin go dtabharfainn faoi. Agus caithfidh mé a rá go bhfuilim ana-shásta go gcuas go Cnoc Síon. Cúrsa ana-dhian ab ea é, idir obair phraiticiúil agus obair acadúil. Bhí ana-bhrú orainn nuair a chuimhním siar air, agus bhí céim san Oideachas le déanamh ina theannta sin is eile. Mar sin, bhíomar amuigh ag múineadh agus sinn ana-óg agus tá a fhios ag Dia, níor mhór duit ana-mhisneach a bheith agat a bheith istigh i gcistin agus fiche déagóir óg ag rith is ag rás ar fud na cisteanáí ort. Agus oigheanta*** teo ag imeacht agus uisce beirithe á dhoirteadh acu agus na haon saghas rud. Gan bhréag ná magadh, níor mhór duit ana-cheann a bheith ort, ach dheineas é ar aon chuma, agus táim ana-shásta gurb é a dheineas, mar ar shlí, is é an Tíos a thug go dtí an Afraic mé ach a gcríochnaíos i gCnoc Síon.

* 'air' a deirtear

** 'faoin mhúinteoireacht' a deirtear

*** 'cistine' agus 'oighinn' na leaganacha Caighdeánacha